Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2023
(OR. en)**

**9937/23**

**ENV 594**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8898/22 + ADD 1 + ADD 2 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena mbunaítear critéir Éicilipéad AE le maidir le táirgí ionsúiteacha sláinteachais agus cuacháin mhíosta in-athúsáidte<br>= Cinneadh gan cur i gcoinne an ghlactha |

1. Ós rud é go bhfuil na bearta atá beartaithe i gcomhréir le tuairim an choiste ábhartha, chuir an Coimisiún na dréachtbhearta thuasluaite[1] faoi bhráid na Comhairle go ndéanfar grinnscrúdú orthu i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 5a(3)(a) de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle[2].

[1] 8898/22 +ADD 1 + ADD 2 - D088269/02.

[2] Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23), arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2006, lch. 11).

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol na dréachtbhearta trí nós imeachta neamhfhoirmiúil i scríbhinn agus chomhaontaigh sí nach bhfuil aon fhoras don Chomhairle cur i gcoinne a nglactha[3].

3. Molann an Ardrúnaíocht, dá bhrí sin, go molfadh Coreper don Chomhairle a dhearbhú nach bhfuil aon fhoras ann le cur i gcoinne na ndréachtbheart. Tuigtear leis sin, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa ina n-aghaidh, go bhféadfaidh an Coimisiún na bearta atá beartaithe a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 5a(3)(d) de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle.

---

[3] Foráiltear le hAirteagal 5a(3)(b) go bhféadfadh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, cur i gcoinne bearta den sórt sin a ghlacadh ar an bhforas go sáraítear leo na cumhachtaí cur chun feidhme dá bhforáiltear sa bhunghníomh, nach luíonn siad le haidhm ná le hinneachar an bhunghnímh nó nach gcomhlíontar leo prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.